Údarás na Gaeltachta

Scoláireachtaí Printíseachta

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printíseachta gur fiú níos mó ná €2,000 an ceann iad d'iarrthóirí le cáilíocht mar cheardaí a bhaint amach.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad agus na buncháilíochtaí seo a leanas a bheith acu do na ceirdeanna 1 go 27 atá ar an liosta a ghabhann leis seo:

Teastas Sóisearach, le pas i gcúig ábhar nó a chomhionann. (Tá matamaitic riachtanach i gás printíseachtaí áirithe),
nó
réamhchúrsa printíseachta atá aitheanta ag SOLAS,
nó
os cionn 16 bliain d'aois agus taithí oibre aitheanta acu sa cheird le trí bliana.

Tá printíseachtaí nua mar seo leanas ar fáil anois. (Féach Liosta - Uimhir 28 & 29):

Printíseacht Árachais – Ní mór d'iarrthóirí a bheith ocht mbliana déag d'aois ar a laghad agus na Buncháilíochtaí seo leanas a bheith acu: 2 Onóir (Ard leibhéal) san Ardteistiméireacht, chomh maith le Pas i 4 ábhar eile Gaeilge nó Béarla agus matamaitic san áireamh.
Dóibh siúd atá os cionn 23 bliain d'aois ar an 1 Eanáir an bhliain a bhfuil siad ag déanamh iarratais, beidh agallamh agus modhanna eile roghnaithe i gceist.

Printíseacht Innealtóireachta Leictreach Tionsclaíoch - Bun cháilíochtaí iontrála: - Ní mór d'iarrthóirí conradh fostaíochta a bheith acu le comhlacht aitheanta. Tá sé riachtanach go mbeadh cáilíocht Uasteastas Leibhéal 6 - Leictreach, nó a chomhionann ag iarrthóirí.

Is d'iarrthóirí Gaeltachta le Gaeilge líofa na scoláireachtaí seo.
Má tá spéis agat a bheith san iomaíocht do na scoláireachtaí seo, líon isteach na sonraí thíos agus seol ar ais chuig:

An Rannóg Oiliúna & Oideachais,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe

Roimh: 23/6/2017

(NB: Beidh na hagallamh ar siúl idir 11/7/2017 – 21/7/2017)

AINM:_____

SEOLADH: _____

_____

_____

DÁTA BREITHE: ____/____/_____

UIMH. FÓN PÓCA:_____

UIMH. FÓN BAILE:_____

SEOLADH RÍOMHPHOIST_____

An bhfuil tú ag freastal ar scoil dara leibhéal faoi láthair?
(Cuir tic sa bhosca cuí) **Tá** ☐ **Níl** ☐

Cuir síos do rogha ceird ón liosta a ghabhann leis seo:

Rogha 1 _____ **Rogha 2**_____